

An tOchtú Tuarascáil
Bhliantúil de
chuid Chathaoirleach an Phainéil
Bhreithnithe um Chonarthaí Foirgníochta,
An tUas. Bernard Gogarty,
chuig
Emer Higgins T.D.,
An tAire Stáit do Ghnó, Fostaíochta
agus Miondíol

Clár na nÁbhar

Lch

1. Réamhrá	3
2. Achtú agus tosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013	3
3. Achoimre ar na príomhfhorálacha an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.....	3
4. Iarratais faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.....	5
5. Tuairisceáin sonraí staidrimh ó Bhreithneoirí.....	7
6. Breithiúnais na hArd-Chúirte.....	13
7. Tráchtareacht agus Conclúidí	14
Aguisín 1 - Baill an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta.....	15
Aguisín 2 - Breithiúnais na hArd-Chúirte i ndáil leis an Acht Conarthaí Foirgníochta, 2013	16

An tOchtú Tuarascáil Bhliantúil

de chuid Chathaoirleach an Phainéil Bhreithnithe um Chonarthaí Foirgníochta

ó cuireadh tús leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

1. Réamhrá

- 1.1** Cuimsíonn an ról atá agam mar Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta ceanglas tuairisc a thabhairt go bliantúil don Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá freagrach as an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.
- 1.2** Is é seo a leanas an tOchtú Tuarascáil Bhliantúil ón am a cuireadh tús leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013, a chlúdaíonn an tréimhse ón 26 Iúil 2023 go dtí an 25 Iúil 2024.

2. Achtú agus tosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

- 2.1** Tháinig an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i bhfeidhm maidir le conarthaí áirithe foirgníochta a dhéanfar tar éis an 25 Iúil 2016 de réir an ‘Ordú um an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 (An Lá Ceaptha) 2016’ (Ionstraim Reachtúil Uimh. 165 de 2016).

3. Achoimre ar na príomhfhórlacha an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

- 3.1** Is é cuspóir an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ná íocaíochtaí a rialú faoi chonradh foirgníochta a chuimsítear faoin Acht. Baineann sé le conarthaí i scríbhinn agus ó bhéal araon. Tá conarthaí áirithe díolmhaithe faoin Acht. Áirítear leis na díolúintí seo conradh nach mó a luach ná €10,000; conradh Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí; agus conradh le haghaidh teaghaise a bhfuil achar urláir nach mó ná 200 méadar cearnach, sa chás ina bhfuil duine de na páirtithe sa chonradh ina n-áit chónaithe nó ina ndéanann sé nó sí cinneadh é a áitiú mar áit chónaithe.
- 3.2** Déantar foráil leis an Acht maidir le cearta agus oibleagáidí nua dlíthiúla ar na páirtithe le conradh foirgníochta ábhartha. Forchuirtear leis an reachtaíocht fórlacha conarthacha íosta maidir le híocaíochtaí, go háirithe maidir le huainiú na n-íocaíochtaí, agus ní fhéadfaidh páirtithe i gconradh foirgníochta ábhartha tarraingt siar as fórlacha an Achta. Toirmisctear leis an Acht freisin an cleachtas ‘íoc nuair a íoctar’, foráil i gconradh foirgníochta ina bhforáiltear go bhfuil íocaíocht méide atá dlite faoin gconradh, nó uainiú íocaíochta den sórt sin, coinníollach ar íocaíocht a dhéanamh trí dhuine nach páirtí sa chonradh foirgníochta é/í, cé is moite den chás ina éiríonn tríú páirtí i gconradh a bheith dócmhainneach.
- 3.3** Áireofar an méid seo a leanas i gconradh foirgníochta a chumhdaítear leis an Acht:
 - (i) méid gach íocaíochta eatramhaí agus deiridh nó sásra leordhóthanach chun na méideanna sin a chinneadh;
 - (ii) an dáta éilimh íocaíochta do gach méid atá dlite nó sásra leordhóthanach chun na dátaí sin a chinneadh; agus

(iii) an tréimhse idir an dáta éilimh ar íocaíocht agus an dáta a bhfuil an méid dlite.

3.4 Mura bhfuil na téarmaí atá leagtha amach in alt 3.3 thuas san áireamh mar chuid de phríomhchonradh foirgníochta, beidh feidhm ag na dátaí éilimh íocaíochta seo a leanas maidir leis an gconradh:

- (i) 30 lá tar éis an dáta a cuireadh tús leis an gconradh foirgníochta;
- (ii) 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht dá dtagraítear in (i) thuas agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí an dáta críochnaithe substaintiúil; agus
- (iii) 30 lá tar éis an dáta críochnaithe deiridh.

Ina theannta sin, ní bheidh an dáta a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid arna éileamh faoin gconradh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta an éilimh íocaíochta.

3.5 Déantar foráil san Acht maidir le cosaintí reachtúla tábhachtacha le haghaidh fochonraitheoirí i dtionscal na foirgníochta. Ní mór go n-áireodh fochonarthaí na dátaí éilimh ar íocaíocht seo a leanas ar a laghad:

- (i) 30 lá tar éis an dáta a cuireadh tús leis an gconradh foirgníochta;
- (ii) 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht dá dtagraítear in (i) thuas agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí an dáta críochnaithe substaintiúil; agus
- (iii) 30 lá tar éis an dáta críochnaithe deiridh.

Ní bheidh an dáta a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid arna éileamh faoin bhfochonradh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta an éilimh íocaíochta.

3.6 Ceanglaítear leis an Acht ar Pháirtí Forghníomhaithe (príomhchonraitheoir nó fochonraitheoir atá ag déanamh na hoibre faoin gconradh) fógra éilimh íocaíochta a sheachadadh don Pháirtí Eile (nó do dhuine a shonraítear faoin gconradh tógála atá ag gníomhú thar ceann an Pháirtí Eile), tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis an dáta éilimh íocaíochta ábhartha.

3.7 Má chuireann an páirtí Eile sin i gcoinne an méid a éilíonn an páirtí forghníomhaitheach dlite agus iníoctha, ceanglaítear ar an bPáirtí Eile freagra a thabhairt don pháirtí Forghníomhaithe, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an éilimh íocaíochta ina leagtar amach na nithe seo a leanas:

- (a) an chúis/na cúiseanna leis an gconspóid faoin méid a d'éiligh an páirtí Forghníomhaithe san fhógra éilimh íocaíochta, lena n-áirítear aon éileamh ar chailleanas nó damáiste a thagann chun cinn as sárú líomhnaithe ar aon oibleagáid chonarthach nó eile de chuid an pháirtí Forghníomhaithe; agus
- (b) an méid, más ann dó, a bheartaítear a íoc leis an bpáirtí Forghníomhaithe agus an bonn ar an gcaoi a ríomhtar an méid sin.


3.8 I gcás éileamh íocaíochta a bhfuil conspóid leis, d'fhéadfadh na páirtithe sa chonradh foirgníochta a bheith in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an méid a bheidh le híoc leis an bpáirtí Forghníomhaitheach. Mar sin féin, mura dtagtar ar chomhaontú den sórt sin faoin dáta dlite íocaíochta, ceanglaítear ar an bPáirtí Eile an méid, más ann dó, a mhol an Páirtí Eile a íoc leis an bpáirtí Forghníomhaithe ina fhreagra ar an éileamh íocaíochta a bhfuil conspóid leis. Déanfar an íocaíocht seo faoin dáta dlite íocaíochta de réir Alt 4(3)(b) den Acht.

- 3.9** Sonraítear in Alt 5 den Acht, mura n-íocann an Páirtí Eile aon mhéid atá dlite faoi chonradh foirgníochta ina iomláine faoin dáta dlite íocaíochta, féadfaidh an páirtí forghníomhaitheach obair faoin gconradh foirgníochta a chur ar fionraí trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí Eile.
- 3.10** Soláthraíonn an tAcht freisin an ceart do pháirtí i gconradh tógála, mar atá sainmhínithe faoi Alt 1 den Acht, díospóid íocaíochta a tharchur lena breithniú mar mhodh chun an díospóid sin a réiteach. Samhlaíonn an tAcht go dtabharfar breithiúnas i gcrích laistigh d'fhráma ama gearr, i.e., 28 lá ó dháta atreoraithe na díospóide chuig Breithneoir. Féadfar síneadh a bheith leis an tréimhse seo i gcúinsí áirithe.
- 3.11** Más rud é nach féidir leis na páirtithe i gconradh foirgníochta teacht ar comhaontú maidir leis an té atá le ceapadh mar Bhreithneoir, d'fhéadfadh páirtí iarratas a dhéanamh liomsa, i mo cháil mar Chathaoirleach ar an bPainéal Breithneoirí atá ceaptha ag an Aire, ag lorg ceapachán Breithneora. Tá liosta iomlán chomhaltaí an Phainéil Bhreithnithe um Chonarthaí Foirgníochta in Aguisín 1.
- 3.12** Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar www.enterprise.gov.ie.


4. Iarratais faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

- 4.1** Ceanglaítear orm Breithneoir a shannadh ón bPainéal Breithneoirí atá ceaptha ag an Aire tar éis iarratas a rinneadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 a chomhlíonann alt 15 den '*Chód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithnithe*'.
- 4.2** Is iondúil go gceapaim Breithneoir laistigh de sheacht lá tar éis iarratas scríofa a fháil, ach amháin má theastaíonn tuilleadh faisnéise ón iarratasóir a bhaineann le cineál na díospóide, de réir alt 16 den Chód Cleachtais.
- 4.3** Le linn na tréimhse a chlúdaítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí 101 iarratas ag iarraidh Breithneoir a cheapadh faighte ag Seirbhís Breithnithe um Chonarthaí Tógála na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a sholáthraíonn an tacaíocht riaracháin riachtanach dom agus iarratais den sórt sin a phróiseáil.
- 4.4** Rinne mé 93 ceapachán breithneora faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 as na 101 iarratas. Tarraingíodh siar seacht n-iarratas agus cuireadh trí cinn de na hiarratais sin isteach an dara huair. Cheap mé Breithneoir sna trí chás athiontrála sin agus tá na ceapacháin sin san áireamh i líon na gceapachán dá dtagraítear níos luaithe. Bhí cás eile a tarraingíodh siar mar thoradh ar na páirtithe ag réiteach a n-aighnis. Ina theannta sin, bhí iarratas amháin nach bhféadfaí a phróiseáil toisc nár tháinig na seirbhísí a chuir an chuideachta iarrthach ar fáil faoin sainmhíniú ar "oibríochtaí foirgníochta" in alt 1 den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

4.5 Soláthraíonn Fíor 1 faisnéis ar líon na n-iarratas agus ar líon na gceapachán Breithneora a rinneadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 le cúig bliana anuas. San ochtú bliain rinneadh an líon is airde iarratas agus ceapachán Breithneoirí faoi alt 6(4) den Acht ó cuireadh tús leis i mí Iúil 2016.



4.6 Soláthraíonn Fíor 2 faisnéis ar luach iomlán na ndíospóidí íocaíochta ar ceapadh Breithneoirí chucu faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i ngach ceann de na cúig bliana seo caite (gan luach aon chásanna a athiontráiltear an dara huair a áireamh). Is é an comhluach iomlán le cúig bliana anuas ná €227.7 milliún.



5. Tuairisceáin sonraí staidrimh ó Bhreithneoirí

- 5.1 Tá ceanglais leagtha amach sa ‘Chód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithnithe’ do Bhreithneoirí chun faisnéis a sholáthar don tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta tar éis ceapacháin (alt 12); tar éis éirí as oifig (alt 30); agus ar thoradh cásanna breithnithe (alt 39), chun críche sonraí staidrimh gan ainm a thiomsú ar fheidhmiú an Achta.
- 5.2 Soláthraítear sa chuid seo den tuarascáil faisnéis mhionsonraithe ar thorthaí na gcásanna breithnithe, ar chuir na Breithiúna ceaptha faisnéis gan ainm ar fáil ina leith. Le linn na tréimhse atá clúdaithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo, fuair an tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta 96 tuairisceán sonraí ó na Breithneoirí. Áirítear leis seo faisnéis ar chásanna inar aontaigh na páirtithe ar cheapadh Breithneora, chomh maith le cásanna inar cheap mé Breithneoir faoi alt 6(4) den Acht don díospóid íocaíochta. Toisc go bhfuil na sonraí a fuarthas ar na cásanna seo gan ainm, ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann an fhaisnéis atá leagtha amach sa chuid seo den tuarascáil go heisiach le cásanna inar cheap mise an Breithneoir faoi alt 6(4) den Acht.
- 5.3 Tá príomhcháilíocht ghairmiúil na mBreithneoirí sna 96 cás seo leagtha amach i dTábla 1 agus tá príomhshuíomhanna na n-aighneas íocaíochta lena mbaineann liostaithe i dTábla 2.


Tábla 1

Príomhcháilíocht Ghairmiúil an Bhreithneora	Uimhir
Suirbhéir Cainníochta	33
Abhcóide	16
Ailtire	14
Comhalta d’Institiúid Chairte na nEadránaithe	14
Aturnae	13
Innealtóir	6


Tábla 2

Príomhshuíomhanna Láithreáin Díospóidí Íocaíochta de réir Contae	Uimhir
Baile Átha Cliath	53
Cill Dara	12
Corcaigh	6
Luimneach	5
An Mhí	4
Loch Garman	3
Lú	2
Muineachán	2
Tiobraid Árann	2
Port Láirge	2
Ceatharlach	1
Gaillimh	1
Cill Chainnigh	1
Laois	1
Cill Mhantáin	1


5.4 Leagtar amach i bhFíor 3 thíos catagóirí na bpáirtithe atá faoi dhíospóid sna 96 cás a tuairiscíodh. Bhain an chatagóir is coitianta de pháirtithe i ndíospóid le Fochonraitheoir a raibh díospóid ann le Príomhchonraitheoir (43 cás), agus ba é an Fochonraitheoir a rinne an tarchur. Bhain an dara catagóir ab airde (34 cás) le Príomhchonraitheoir agus Fostóir (Eile). Ciallaíonn an chatagóir ‘Fostóir (Eile)’ go bhfuil an páirtí conarthach sin san earnáil phríobháideach.




5.5 Soláthraítear i bhFíor 4 faisnéis ar chineál na ndíospóidí sna 96 cás seo. Bhain an líon is airde díospóidí le díospóidí íocaíochta deiridh (45 cás). Bhí deich gcás ann ar cuireadh síos orthu mar dhíospóidí ‘Íocaíocht Eile’. Seo a leanas cur síos ar chuid de na díospóidí sin: éileamh COVID-19; éileamh cailteanas agus damáiste ar fhoirceannadh éagórach; éileamh ar íocaíocht coinneála; éileamh ar lochtanna; agus éileamh ar ais éarlais a íocadh roimh ré.




5.6 Soláthraítear i bhFíor 5 faisnéis faoin méid atá faoi dhíospóid sna 96 cás. Ba é an méid ba choitianta faoi aighneas ná suimeanna sa raon €100,001 go €500,000 (36 cás).




5.7 Soláthraíonn Fíor 6 faisnéis ar stádas na 96 cás tar éis breithneoir a cheapadh. Ar an iomlán eisíodh 74 cinneadh Breithneoirí.




5.8 Soláthraítear i bhFíor 7 faisnéis ar thoradh 74 cinneadh Breithneoirí. D'éirigh leis an bPáirtí Atreoraithe i 37 cás, d'éirigh leis an bPáirtí Freagróra i 21 cás agus rinneadh cinneadh scoilte idir na páirtithe i 16 chás.




5.9 Soláthraítear i bhFíor 8 faisnéis ar na méideanna a tugadh amach i gcinntí na mBreithneoirí. Bhí 52 cás san iomlán mar thoradh ar dhámhachtainí airgeadaíochta a rinne an Breithneoir. Ní raibh aon dámhachtainí airgeadaíochta sa 22 cás eile, go príomha toisc gur éirigh leis an bhFreagróir i 21 de na cásanna sin. Ba é an líon is airde cásanna a bhain leis ná idir €100,001 - €500,000 (27 cás).




5.10 Soláthraítear i bhFíor 9 faisnéis ar an scála ama chun cinntí na mBreithneoirí a eisiúint chuig na páirtithe sna 74 cás thuasluaite. Eisíodh formhór na gcinntí laistigh de 42 lá ó dháta atreoraithe na díosáide íocaíochta chuig Breithneoir (41 cás). Eisíodh 18 gcinneadh tar éis tréimhse níos faide ná an 42 lá, tar éis chomhaontú na bpáirtithe a bhí i gceist sna cásanna sin, dá bhforáiltear in alt 6 den Acht Conarthaí Foirgníochta, 2013 ('Scála ama eile').



5.11 Éilítear sa ‘Chód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithiúnas’ gur cheart go mbeadh na táillí a ghearrann Breithneoirí “réasúnta mar luach ag féachaint don mhéid atá faoi dhíospóid, castacht na díospóide, an t-am a chaith an Breithneoir” ar an díospóid agus imthosca ábhartha eile. Soláthraítear i bhFíor 10 faisnéis ar na táillí in aghaidh na huaire a ghearr Breithneoirí sna 90 as 96 cás a tuairiscíodh. Bhí 6 chás nár gearradh aon táille in aghaidh na huaire mar gur socraíodh na cásanna nó nár chuathas ar aghaidh leo ar chúis éigin eile. Ba iad na táillí in aghaidh na huaire is coitianta a gearradh sa raon €251 go €300 (30 cás) agus idir €301 agus €350 (25 cás).



5.12 Sonraítear i bhFíor 11 na táillí iomlána a ghearr na Breithneoirí sna 96 cás a tuairiscíodh. Ba iad na táillí breithneora in aghaidh na huaire is coitianta a gearradh sa raon €1,000 go €4,999 (23 cás) agus idir €5,000 agus €9,999 (22 cás). Mar a thagraítear do mhír 5.11, bhí 6 chás ann nár gearradh aon táillí iontu.



6. Breithiúnais na hArd-Chúirte

- 6.1** Leathnaíodh Rialacha na nUaschúrteanna chun foráil a ionchorprú chun cinntí na hArd-Chúirte a fhorghníomhú faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 – ‘Rialacha na nUaschúrteanna (An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013) 2016’ (Ionstraim Reachtúil Uimh. 450 de 2016)
- 6.2** Tá roinnt Breithiúnas eisithe ag an Ard-Chúirt chun cinntí a rinne Breithneoirí faoin Acht Conarthaí Foirgníochta, 2013 a fhorfheidhmiú.
- 6.3** Eisíodh Breithiúnas Ard-Chúirte eile ón mBreitheamh Garrett Simons níos luaithe i mbliana i gcás McGill Construction Ltd agus Blue Whisp Ltd [2024] IEHC 205. Bhain an cás seo le hiarratas ar chead chun cinneadh a rinne Breithneoir faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 a fhorfheidhmiú. Níor bhunaigh Blue Whisp Teo. aon fhorais le diúltú don iarratas ar dhámhachtain an Bhreithneora a fhorghníomhú.
- 6.4** Soláthraíonn Aguisín 2 liosta de Bhreithiúnais na hArd-Chúirte i ndáil leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

7. Tráchtareacht agus Conclúidí

- 7.1** Tá 93 mBreithneoirí ceaptha agam faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar díospóidí íocaíochta a bhfuil luach iomlán €42.2 milliún comhcheangailte (gan luach aon chásanna a athiontráiltear an dara huair a áireamh) leo sa tréimhse atá clúdaithe ag an Tuarascáil Bhliantúil seo.
- 7.2** Tá líon na n-iarratas agus ceapachán Breithneoirí a rinneadh san ochtú bliain ó tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an líon is airde go dtí seo. Léiríonn sé seo go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar bhreithiúnas reachtúil faoin Acht agus go bhfuil páirtithe i gconarthaí foirgníochta ag leanúint a gcearta chun sásamh a lorg mar gheall ar neamhíocaíocht nó ganníocaíocht.
- 7.3** Le cúig bliana anuas, ceapadh Breithneoirí ar dhíospóidí íocaíochta faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar luach iomlán €227.7 milliún le chéile, a léiríonn leas na reachtaíochta don Earnáil Foirgníochta.
- 7.4** Cé go raibh fochonraitheoir/príomhchonraitheoir agus príomhchonraitheoir/Fostóir i gceist le formhór na ndíospóidí íocaíochta a tuairiscíodh i mbliain 8, deimhníonn Fíor 3 go bhfuil páirtithe eile ag saothrú a gcearta faoin reachtaíocht freisin. D'éirigh nó d'éirigh go páirteach leis an bpáirtí atreoraithe i 53 gcinn de na 74 cinneadh a thuariscítear i bhFíor 7.
- 7.5** Tá sé tábhachtach go gcloífeadh Fostóirí, príomhchonraitheoirí agus fochonraitheoirí lena n-oibleagáidí atá leagtha amach san Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Ba mhaith liom a chur in iúl freisin, má tá páirtí i gconradh foirgníochta, mar atá sainmhínithe san Acht, ag smaoineamh ar aighneas íocaíochta a tharchur do bhreithniú, gur cheart gach nós imeachta cuí a éilítear faoin Acht agus faoin *'Cód Cleachtais a Rialáíonn Iompar Breithnithe'* a leanúint.
- 7.6** Cé go bhfuil tuairisc tugtha agam ar na sonraí a soláthraíodh i gcúinsí inar roghnaigh Breithneoirí sonraí den sórt sin a sholáthar, ní féidir a rá go cinntitheach go gcuimsítear leis seo gach cás breithiúnais a tugadh chun críche faoin Acht le bliain anuas. Beidh breithnithe breise a bheith déanta freisin de bhun an Achta, i gcás inar chomhaontaigh na páirtithe ar an mBreitheamh a cheapadh gan dul i muinín na Seirbhíse Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, agus nár tugadh staitisticí don tSeirbhís ina leith.
- 7.7** Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Phainéil a ghlac le ceapachán Breithneoirí faoi Alt 6(4) den Acht, go minic ar ghearrfhógra. Ina theannta sin, gabhaim buíochas le foireann an tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a dtacaíocht riaracháin dom i mo ról mar Chathaoirleach an Phainéil.

An tUas Bernard Gogarty,
Cathaoirleach.
Meán Fómhair 2024

Aguisín 1

Baill an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta

Tá an tUas. Bernard Gogarty ina chomhalta agus ina Chathaoirleach ar an bPainéal.

An tUas. Peter Aeberli	Karen Killoran Uas
An tUas. Joe Behan	An tUas. Niall Lawless
An tUas. Kevin Brady	An Dr. John Derek Layng Ross
An tUas. James Bridgeman	An tUas. Niall Meagher
An tUas. Jonathan Cope	An tUas. Matthew Molloy
An tUas. Dermot Durack	An tUas. Gerard Monaghan
Siobhan Fahey Uas	An tUas. James O'Donoghue
An tUas. Ciaran Fahy	An tUas. Denis O'Driscoll
Orla Fitzgerald Uas	An tUas. Sean O'Flaherty
An tUas. John Thomas Gibbons	Niav O'Higgins Uas
An tUas. James Golden	An tUas. David O'Leary
An tUas. Conor Hogan	An tUas. Peter Eugene O'Malley
An tUas. John Hughes	An tUas. Gerard O'Sullivan
An tUas. Jarlath Kearney	An tUas. Edward James Quigg
An tUas. Keith Kelliher	An tUas. Martin Waldron
An tUas. Conor Kelly	An tUas. Peter Walshe
An tUas. Damien Keogh	

Aguisín 2

Breithiúnais na hArd-Chúirte i ndáil leis an Acht Conarthaí Foirgníochta, 2013

2024

- *McGill Construction Limited-v-Blue Whisp Limited* [2024] IEHC 205

2023

- *K&J Townmore Construction Limited agus Damien Keogh agus Deslend (Mechanical) Limited T/A COBEC Engineering Group* [2023] IEHC 509
- *DNCF Limited-v-Genus Homes Limited* [2023] IEHC 490
- *McGurran Civils RoI Limited-v-K&J Townmore Construction Limited* [2023] IEHC 355

2022

- *John Paul Construction Limited-v-Tipperary Co-Operative Creamery Limited* [2022] IEHC 3

2021

- *Aakon Construction Services Limited-v-Pure Fitout Associated Limited* [2021] IEHC 619 (Foirm an Ordaithe)
- *Principal Construction Limited-v-Beneavin Contractors Limited* [2021] IEHC 578
- *Kevin O'Donovan agus Coiste Contae Chorcaí den GAA-v-Nael G. Bunni agus James Bridgeman agus OCS One Complete Solution Limited* [2021] IEHC 575
- *Aakon Construction Services Limited-v-Pure Fitout Associated Limited* [2021] IEHC 562
- *Gravity Construction Limited-v-Total Highway Maintenance Limited* [2021] IEHC 19.

2020

- *Kevin O'Donovan agus Coiste Contae Chorcaí den GAA-v-Nael G. Bunni agus James Bridgeman agus OCS One Complete Solution Limited* [2020] IEHC 623